# Airteagal 40 GSD: Ceisteanna Coitianta

Tá na Ceisteanna Coitianta seo curtha ar fáil chun cuidiú le hiarratasóirí a dhéanann iarratas ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe an próiseas a ghlacfaidh Coimisiún na Meán a thuiscint. Ní comhairle dlí atá iontu, ní siad ina gceangal ar Choimisiún na Meán agus níl sé i gceist go mbeadh aon tionchar acu ar conas a léirmhínítear ná a chuirtear i bhfeidhm aon dlí. Moltar duit do chomhairle dlí neamhspleách a fháil ar na forálacha reachtúla ábhartha. D'fhéadfadh Coimisiún na Meán na Ceisteanna Coitianta seo a thabhairt cothrom le dáta agus a leasú nuair a mheastar is gá agus cuí agus, faoi réir a oibleagáidí faoin dlí is infheidhme, forchoimeádann Coimisiún na Meán an ceart a phróisis a leasú de réir mar is cuí leis.

## Céard é an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) ann?

Is tacar rialacha é an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) a rialaíonn na freagrachtaí atá ar idirghabhálaithe ar líne, lena n-áirítear ardáin amhail líonraí meán sóisialta agus margaí ar líne. Is é cuspóir an GSD ná chun spás digiteach níos sábháilte a chruthú ina gcosnaítear bunchearta na n-úsáideoirí ar fad. Cruthaítear deiseanna do mhaoirseacht phoiblí níos láidre ar idirghabhálaithe ar líne mar gheall ar oibleagáidí trédhearcachta agus tuairiscithe sa GSD, le tacar oibleagáidí ar leith do na hArdáin AnMhór ar Líne (VLOPanna) agus na hInnill Chuardaigh An-Mhór ar Líne (VLOSEnna) sin.

## Cén fáth a bhfuil an GSD ábhartha do thaighdeoirí?

Tá foráil san áireamh leis an GSD a bhronnann rochtain níos mó ná riamh ar shonraí VLOPanna agus VLOSEnna ar thaighdeoirí faoi choinníollacha áirithe (Airteagal 40). Is é an cuspóir atá leis sin ná chun taighde a chumasú a chuirfidh le tuiscint níos doimhne ar na rioscaí córasacha atá roimh an tsochaí mar thoradh ar dhearadh agus feidhmiú VLOPanna agus VLOSEnna nó mar gheall ar úsáid na seirbhísí acu agus measúnú na mbeart maolaithe rioscaí arna nglacadh ag an VLOP nó VLOSE ábhartha, chomh maith le tacú le maoirseacht éifeachtach ar chomhlíonadh GSD. Roimh an GSD, bhí rochtain ar an gcineál sonraí seo spleách ar thionscnaimh dheonacha ó sholáthraithe na n-ardán ar líne. Bhí deiseanna taighde teoranta mar thoradh air sin.

### Céard is Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha (CSD) ann agus cad é an ról atá acu chun cabhrú le taighdeoirí rochtain a fháil ar shonraí?

Is údaráis neamhspleácha iad Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha (CSDanna) arna gceapadh ag gach Ballstát den AE chun feidhmeanna a chur i gcrích faoin GSD. Ar cheann de na freagrachtaí atá orthu tá measúnú a dhéanamh ar iarratais taighdeoirí ar stádas na dtaighdeoirí grinnfhiosraithe agus sonraí rochtana atá i seilbh VLOPanna and VLOSEnna a fháil, de bhun Airteagal 40(4) GSD. Feidhmeoidh CSDanna mar idirghabhálaithe idir na taighdeoirí, VLOPanna agus VLOSEnna i ndáil leis na feidhmeanna sin chomh maith.

### Cad iad na hardáin agus na hinnill chuardaigh nach mbaineann Airteagal 40 leo?

Baineann oibleagáidí rochtana sonraí le soláthraithe VLOPanna agus VLOSEnna ainmnithe – ardáin nó innill chuardaigh a bhfuil níos mó ná 45 milliún úsáideoir gníomhach acu san AE in aghaidh na míosa (nó thart ar 10% de dhaonra an AE).
Tá liosta na VLOPanna agus na VLOSEnna ainmnithe ar fáil anseo https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/list-designated-vlops-and-vloses.

## Cad í an rochtain a chuirtear ar fáil do thaighdeoirí faoi Airteagal 40 den GSD?

Maidir le taighdeoirí ar mian leo taighde a dhéanamh a chuirfidh le brath, aithint agus tuiscint ar rioscaí córasacha san Aontas Eorpach a eascraíonn as dearadh nó feidhmiú VLOP/VLOSE nó as an úsáid a bhaintear as a gcuid seirbhísí agus measúnú ar na bearta maolaithe riosca ar ghlac an VLOP/VLOSE sin leo, forálann Airteagal 40 GSD do dheiseanna rochtana éagsúla:
1) Sonraí a bhfuil Rochtain ag an bPobal Orthu (Airteagal 40(12))
Is féidir le taighdeoir a chomhlíonann na coinníollacha ábhartha iarratas a dhéanamh ar shonraí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu go díreach ó VLOP/VLOSE (m.sh. rochtain ar leabharlann ábhair nó API ó phostálacha poiblí).
2) Sonraí ar a bhfuil rochtain theoranta do ghrúpa taighdeoirí ar leith, ar a dtugtar ‘taighdeoir(í) grinnfhiosraithe’ chomh maith (Airteagal 40(4)-(11)).
Taighdeoir a ndearna CSD grinnfhiosrúchán nó measúnú air inar deimhníodh go gcomhlíonann sé na coinníollacha de réir mar a leagtar amach iad in Airteagal 40(8) GSD agus na riachtanais ghaolmhara a leagtar amach sa Ghníomh Tarmligthe, is féidir leis iarratas réasúnaithe a dhéanamh ar rochtain ar shonraí atá i seilbh VLOP/VLOSE arna chur isteach thar a cheann ag an CSD.

## Cén chaoi ar féidir liom rochtain a fháil ar shonraí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu faoin GSD (Airteagal 40(12))?

Chun rochtain a iarraidh ar shonraí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, ba cheart duit iarratas a dhéanamh go díreach ar an VLOP/VLOSE óna bhfuil tú ag iarraidh sonraí a fháil. Ba cheart go mbeadh faisnéis faoin gcaoi leis sin a dhéanamh ar fáil ar shuíomh gréasáin an VLOP/VLOSE féin. Ní féidir le CSD iarratas rochtana sonraí, a bhaineann le hAirteagal 40(12) GSD, a dhéanamh thar ceann taighdeora.

## Cad iad na coinníollacha atá le comhlíonadh ag taighdeoirí chun rochtain a fháil ar shonraí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu?

Chun bheith i dteideal rochtain a fháil ar shonraí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, de bhun Airteagal 40(12) GSD, ní mór do thaighdeoirí: 1) Bheith neamhspleách ar leasanna tráchtála. 2) Maoiniú a dtaighde a nochtadh. 3) Bheith in ann riachtanais slándála agus rúndachta sonraí a chomhlíonadh agus sonraí pearsanta a chosaint. 4) Bheith in ann a léiriú go bhfuil gá leis an rochtain ar na sonraí agus go bhfuil sí cuí chun a gcuid taighde a dhéanamh chun go gcuirfear le brath, aithint agus tuiscint ar na rioscaí córasacha de réir mar a leagtar iad amach in Airteagal 34(1) GSD. 5) Gan úsáid a bhaint as na sonraí ach amháin chun taighde dá leithéid a dhéanamh.

## Céard is taighdeoir grinnfhiosraithe ann?

Is éard is taighdeoir grinnfhiosraithe ann ná taighdeoir:
a chuireann iarratas ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe faoi bhráid Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha (CSD);
a mheasann CSD inniúil gur léirigh sé go gcomhlíonann sé na coinníollacha ábhartha a leagtar amach in Airteagal 40(8) GSD agus na riachtanais ghaolmhara a leagtar amach sa Ghníomh Tarmligthe;
a bhfuil iarratas réasúnaithe acu ar rochtain ar shonraí atá i seilbh VLOP nó VLOSE arna chur isteach ag CSD thar a cheann chun cur ar a chumas an taighde a leagtar amach ina iarratas a dhéanamh.

Cén chaoi ar féidir liom rochtain a fháil ar shonraí faoi GSD (Airteagal 40(4)-(11))?
Is féidir leat iarratas a chur isteach chun go mbronnfar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe ort agus chun go gcuirfidh an CSD ábhartha iarratas réasúnaithe ar rochtain sonraí atá i seilbh VLOP / VLOSE isteach thar do cheann tríd an Tairseach Rochtana Sonraí GSD.

## Céard é an tairseach rochtana sonraí GSD ann?

Is í an Tairseach Rochtana Sonraí GSD an phríomhuirlis a thacóidh leis an bpróiseas rochtana sonraí nua seo dá bhforáiltear san GSD. Cuireann sí faisnéis ábhartha ar fáil do thaighdeoirí agus baineann na taighdeoirí córais úsáid aisti chun a n-iarratas a chur faoi bhráid na CSDanna ábhartha.
Tá sonraí na bpointí teagmhála ainmnithe do CSDanna agus VLOPanna / VLOSEnna ar an Tairseach Rochtana Sonraí GSD chomh maith.

## Cad iad na riachtanais a bhaineann le hiarratas ar Rochtain Sonraí Taighdeora Ghrinnfhiosraithe a chur isteach?

Chun go mbronnfar rochtain ar shonraí atá i seilbh VLOP / VLOSE faoi Airteagail 40(4)-(11) GSD ort, ní mór duit iarratas mionsonraithe ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe a chur faoi bhráid Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a léiríonn go gcomhlíonann tú na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 40(8) GSD agus na riachtanais ghaolmhara a leagtar amach sa Ghníomh Tarmligthe tríd an Tairseach Rochtana Sonraí GSD.
San iarratas seo, beidh ort an méid seo a leanas a léiriú:
1) Go bhfuil tú cleamhnaithe le heagraíocht taighde de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2019/790;
2) Go bhfuil tú neamhspleách ar leasanna tráchtála;
3) Gur nocht tú maoiniú an taighde;
4) Gur féidir leat na riachtanais slándála sonraí, cosanta agus rúndachta sonraí ar leith a thagann leis na sonraí iarrtha a chomhlíonadh agus go bhfuil cur síos déanta agat ar na bearta dlí, teicniúla agus eagraíochta cuí atá, agus/nó a bheidh curtha i bhfeidhm;
5) Go bhfuil gá le do rochtain ar na sonraí agus leis na tréimhsí iarrtha do chuspóir do thaighde, agus iad cuí leis;
6) Go ndéanfar an taighde pleanáilte chun go gcuirfear le brath, aithint agus tuiscint ar na rioscaí córasacha de réir mar a leagtar amach in Airteagal 34(1) GSD agus measúnú na mbeart maolaithe rioscaí a ghlactar chun críoch Airteagail 35(1) GSD;
7) Go bhfuil tú tiomanta do thorthaí do thaighde a chur ar fáil go poiblí gan chostas, laistigh de thréimhse réasúnta i ndiaidh chríochnú an taighde.

## An gá go mbíonn taighdeoirí ag obair d'Ollscoil?
## An féidir liom rochtain a fháil ar shonraí mar thaighdeoir neamhspleách?
## An féidir le taighdeoirí ENR iarratas a dhéanamh ar rochtain?
## An féidir le hiriseoirí iarratas a dhéanamh ar rochtain?
## An féidir le taighdeoirí san earnáil phríobháideach a oibríonn i rannóga T&F iarratas a chur isteach?

Is féidir le duine ar bith iarratas a dhéanamh ar rochtain. Mar sin féin, tá rochtain ar shonraí atá i seilbh VLOP/VLOSE faoi Airteagail 40(4)– (11) GSD teoranta do thaighdeoirí grinnfhiosraithe. Chun bheith i do thaighdeoir grinnfhiosraithe, ní mór don iarratasóir a bheith in ann a léiriú go bhfuil sé cleamhnaithe le 'heagraíocht taighde' aitheanta, (de réir mar a shainmhínítear an téarma seo sa Treoir maidir le Cóipcheart - Treoir - 2019/790 - EN - EUR-Lex - agus a bhféadfadh sé go n-áireofaí, chun críoch an GSD, eagraíochtaí sochaí sibhialta a dhéanann taighde eolaíochta leis an bpríomhchuspóir de thacú lena misean chun leasa an phobail) agus na coinníollacha eile a leagtar amach in Airteagal 40(8) GSD agus na riachtanais ghaolmhara a leagtar amach sa Ghníomh Tarmligthe a chomhlíonadh.
Mar sin féin, is féidir le taighdeoirí nach bhfuil cleamhnaithe le heagraíocht taighde dá leithéid rochtain a fháil ar shonraí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu faoi Airteagal 40(12) GSD, ar choinníoll go

gcomhlíonann siad na coinníollacha infheidhme, amhail neamhspleáchas ar leasanna tráchtála, trédhearcacht i ndáil le maoiniú agus slándáil sonraí a chosaint.

## Más rud é gur oibrigh taighdeoir ar thionscadal le hardán nó gur mhaoinigh ardán é roimhe seo, an saincheist í seo chun iarratas a dhéanamh faoin ardán seo nó faoi ardán eile?
## An bhfuil gá le neamhspleáchas ar leasanna tráchtála nó an leor trédhearcacht ina leith?

Ní mór don iarratasóir a chuireann iarratas isteach ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe a bheith in ann a léiriú, i measc nithe eile, go bhfuil sé neamhspleách ar leasanna tráchtála agus go nochtann an t-iarratas aige maoiniú an taighde a ndéanann sé cur síos air san iarratas. Ní leor a bheith trédhearcach faoi leasanna tráchtála atá ann agus sin amháin. Ní mór don iarratasóir a bheith in ann a léiriú go bhfuil sé neamhspleách ar leasanna tráchtála.

## An gá do thaighdeoirí iarratas a dhéanamh ar Éirinn do VLOPanna/VLOSEnna atá lonnaithe in Éirinn?
## An féidir le taighdeoirí iarratas a dhéanamh ar CSD ina dtír AE féin?

Is féidir le taighdeoirí a n-iarratas ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe a chur faoi bhráid ceann amháin de na CSDanna seo a leanas:

- CSD an Bhallstáit AE ina bhfuil a n-eagraíocht taighde chleamhnaithe lonnaithe, nó
- CSD an Bhallstáit AE ina bhfuil príomhbhunaíocht san AE ag an soláthraí VLOP/VLOSE, nó ina bhfuil cónaí ar an ionadaí dlí dá chuid nó ina bhfuil sé bunaithe (ar a dtugtar an 'CSD bunaíochta' chomh maith).

I gceachtar den dá chás, tá an CSD bunaíochta freagrach as cinneadh a dhéanamh cé acu a bhronnfar nó nach mbronnfar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe ar an taighdeoir agus iarratas rochtana sonraí a chur faoi bhráid an VLOP/VLOSE thar ceann an taighdeora.

## Cén chaoi ar féidir liom iarratas ar Rochtain Sonraí Taighdeora Ghrinnfhiosraithe a chur isteach?
## Cá háit a ndéanann taighdeoirí iarratas?

Is féidir iarratais ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe a chur isteach tríd an Tairseach Rochtana Sonraí GSD thiomnaithe. Taighdeoir ar mian leis rochtain a fháil ar shonraí ó VLOP/VLOSE a bhfuil a phríomhbhunaíocht nó ionadaí dlí san AE lonnaithe in Éirinn, is féidir leis tabhairt faoi dhá bhealach fhéideartha:
**Bealach 1:** Is féidir le taighdeoir a iarratas a chur faoi bhráid Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit AE ina bhfuil an eagraíocht taighde lena bhfuil sé cleamhnaithe lonnaithe. Déanfaidh an CSD sin measúnú tosaigh agus má tá príomhbhunaíocht nó ionadaí dlí AE an VLOP/VLOSE lonnaithe in Éirinn, cuirfidh siad an t-iarratas chun cinn, in éineacht leis na doiciméid tacaíochta arna gcur isteach ag an taighdeoir/na taighdeoirí faoi seach agus an measúnú tosaigh, chuig Coimisiún na Meán, le haghaidh measúnú deiridh.
**Bealach 2:** Is féidir le taighdeoir iarratas díreach a chur faoi bhráid Choimisiún na Meán (CSD bunaíochta). Mar gheall ar líon ard na n-iarratas lena bhfuiltear ag súil do VLOPanna/VLOSEnna a bhfuil an phríomhbhunaíocht AE acu suite in Éirinn, mholfaimis do thaighdeoirí atá lonnaithe san AE go leanfaidís Bealach 1.

## An gá do thaighdeoirí iarratas a dhéanamh chun bheith ina dtaighdeoirí grinnfhiosraithe ar dtús agus nach féidir leo iarratais ar rochtain sonraí a chur isteach go dtí sin?

Le hiarratas ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe, áirítear iarratas ar iarraidh réasúnaithe atá le cur isteach ag an CSD bunaíochta chuig an VLOP/VLOSE ábhartha thar ceann na dtaighdeoirí, má bhronntar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe orthu.
Ní gá go gcuirtear iarratas ar leith ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe isteach ar dtús, sula gcuirtear iarratas isteach ar rochtain sonraí.

## An féidir le taighdeoir/foireann iarratais iomadúla a chur isteach ag an am céanna?
## An bhfuil teorainneacha leis an líon iarratas is féidir le taighdeoir a dhéanamh?
## An féidir le taighdeoir a bheith mar chuid d'fhoirne éagsúla a dhéanann iarratas ar chineálacha éagsúla sonraí?

Is féidir le taighdeoir nó foireann taighdeoirí níos mó ná iarratas amháin a chur isteach ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe ag an am céanna.
Níl aon teorainn sainráite leis an líon iarratas is féidir le taighdeoir a dhéanamh ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe. Ba cheart go gcuimhneodh taighdeoir a bhfuil sé i gceist aige níos mó ná iarratas amháin a dhéanamh go mbeidh air a léiriú go gcomhlíonann sé na coinníollacha agus na riachtanais ar fad do gach iarratas.
Is féidir le taighdeoir a bheith mar chuid d'fhoirne éagsúla a chuireann iarratais éagsúla isteach. Ní mór go mbeidh sé in ann a léiriú go gcomhlíonann sé na coinníollacha agus na riachtanais ar fad do gach iarratas.

## An gá iarratas amháin a sheoladh in aghaidh an ardáin nó an féidir le hiarratas amháin ardáin éagsúla a chlúdach?

Níl an Tairseach Rochtana Sonraí GSD deartha chun iarratas aonair ar shonraí atá i seilbh níos mó ná VLOP/VLOSE amháin a éascú. Ba cheart d'iarratasóir ar mian leis rochtain a iarraidh ar shonraí atá i seilbh níos mó ná VLOP/VLOSE amháin iarratais ar leith a chur isteach do gach VLOP/VLOSE ina bhfuil spéis aige. Nuair a bhaineann na hiarratais ar fad leis an tionscadal taighde céanna, is féidir le hábhar na n-iarratas a bheith cosúil lena chéile, a mhéid is cuí.
Ní mór do gach taighdeoir a bheith in ann a léiriú go gcomhlíonann siad na coinníollacha agus na riachtanais ar fad don iarratas sin i ndáil le gach iarratas a dhéanann siad.

## Cén chaoi ar féidir liom ullmhú d'iarratas ar Rochtain Sonraí Taighdeora Ghrinnfhiosraithe a chur isteach?
## Cad is gá dom a ullmhú?

Is féidir le taighdeoir ullmhúchán a dhéanamh tríd an bhfaisnéis agus na hábhair ar fad atá le cur ar fáil acu a bhailiú chun a léiriú go gcomhlíonann siad na coinníollacha agus na riachtanais. Ba cheart go bpléifeadh taighdeoirí a n-iarratais lena n-eagraíochtaí taighde ar an gcéad dul síos.

## Cé chomh fada a thógfaidh an próiseas chun iarratas a mheasúnú?
## Cé chomh fada a thógfaidh sé chun freagra a fháil ar chur isteach iarratais?

Éilíonn an Gníomh Tarmligthe go ndéanfaidh an CSD bunaíochta an méid seo a leanas laistigh de 80 lá oibre ó chur isteach iarratais ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe tríd an Tairseach Rochtana Sonraí GSD:

- iarratas réasúnaithe a chur le chéile, é a chur faoi bhráid an VLOP/VLOSE agus cur isteach an iarratais réasúnaithe a chur in iúl don phríomhthaighdeoir, NÓ
- an príomhthaighdeoir a chur ar an eolas faoi na cúiseanna nárbh fhéidir an t-iarratas réasúnaithe a chur le chéile.

Nuair a theastaíonn níos mó ná 80 lá oibre ón CSD bunaíochta chun iarratas réasúnaithe a chur le chéile, ba cheart go gcuirfeadh sé an príomhthaighdeoir ar an eolas a luaithe agus is féidir agus na cúiseanna atá leis an moill a léiriú chomh maith le dáta nua do chur i gcrích an phróisis.
Beidh dáta sonraithe san áireamh leis an iarratas réasúnaithe óna mbeidh ar an VLOP/VLOSE rochtain ar na sonraí iarrtha a thabhairt.
Más mian le VLOP/VLOSE leasú ar iarratas réasúnaithe a lorg i gcomhréir le hAirteagal 40(5) GSD, ní mór dó iarratas leasaithe a chur faoi bhráid an CSD bunaíochta laistigh de 15 lá ón lá an fhaightear an t-iarratas réasúnaithe.

## An féidir an tréimhse ama do rochtain ar shonraí a leathnú?

Ní fhorálann an GSD ná an Gníomh Tarmligthe go sainráite do nós imeachta chun go leasóidh an CSD bunaíochta iarratas réasúnaithe i ndiaidh é a bheith eisithe chuig an VLOP/VLOSE (seachas chun déileáil le hiarratas leasaithe arna dhéanamh ag an VLOP/VLOSE i gcomhréir le hAirteagal 40(5) GSD). Más mian leis an taighdeoir go leanfaidh an rochtain atá aige ar shonraí tar éis na tréimhse a chlúdaítear le hiarratas réasúnaithe a rinneadh thar ceann an taighdeora sin, beidh air iarratas nua a chur isteach ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe.

## Cad a tharlóidh má athraíonn an fhoireann taighde?
## An féidir rochtain a thabhairt do bhall foirne nua?
## Má fhágann duine éigin an fhoireann taighde, cad a tharlóidh dá rochtain?
## An bhfuil teorainneacha leis an líon daoine is féidir a bheith ar iarratas?

Ní fhorálann an GSD ná an Gníomh Tarmligthe go sainráite do nós imeachta chun go leasóidh an CSD bunaíochta na taighdeoirí ar iarratas fad atá an t-iarratas sin á mheasúnú, ná iad siúd dá ndéantar tagairt in iarratas réasúnaithe i ndiaidh é a bheith eisithe chuig an VLOP/VLOSE. Anuas air sin, níl an fheidhmiúlacht sin ag an Tairseach Rochtana Sonraí GSD faoi láthair.
Más mian le taighdeoir go dtabharfar rochtain ar shonraí do bhaill foirne nua nuair nach raibh siad clúdaithe ag an mbuniarratas réasúnaithe, beidh gá le hiarratas nua ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe do na baill foirne nua sin.
Níl aon teorainn le líon na dtaighdeoirí is féidir a chur san áireamh le hiarratas aonair ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe. Ní mór do gach taighdeoir is iarratasóir na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 40(8) GSD agus riachtanais ghaolmhara a leagtar amach sa Ghníomh Tarmligthe a chomhlíonadh.

## Cad iad na cineálacha sonraí is féidir a iarraidh? An bhfuil aon chineál sonraí ann nach féidir a iarraidh?

Is féidir aon chineál sonraí a iarraidh, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 40(8) GSD.
Leagtar amach samplaí de na sonraí ar dócha go mbeidh siad ábhartha do thaighde ar rioscaí córasacha agus bearta maolaithe in Aithris 13 den Ghníomh Tarmligthe.
Is féidir le VLOP/VLOSE iarratas a dhéanamh go ndéanfar leasú ar aon iarratas réasúnaithe (a) mura bhfuil rochtain acu ar na sonraí; nó (b) dá mbeadh bronnadh rochtana ina chúis le leochaileachtaí suntasacha i slándáil a seirbhíse nó i gcosaint na faisnéise rúnda, rúin cheirde ach go háirithe.
Faoin nGníomh Tarmligthe, ní mór do VLOPanna agus VLOSEnna catalóg sonraí GSD a chur ar fáil, ina ndéantar cur síos ar na sócmhainní sonraí ar féidir le taighdeoirí grinnfhiosraithe rochtain a iarraidh orthu, chomh maith le struchtúr na sonraí agus meiteashonraí acu. Cé go léiríonn siad sin na sonraí ar dócha go mbeidh siad ar fáil, níl siad uileghabhálach agus ní chuireann siad teorainn leis na sonraí a d'fhéadfaí a iarraidh in iarratas ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe.

## An gcuirfidh na hardáin códleabhair ar fáil? An mbeidh tacair sonraí chaighdeánaithe ann?

Faoin nGníomh Tarmligthe, ní mór do VLOPanna agus VLOSEnna catalóg sonraí GSD a chur ar fáil, ina ndéantar cur síos ar na sócmhainní sonraí ar féidir le taighdeoirí grinnfhiosraithe rochtain a iarraidh orthu, chomh maith le struchtúr na sonraí agus meiteashonraí acu.
Ní mór do VLOPanna agus VLOSEnna aon fhaisnéis bhreise atá de dhíth chun rochtain agus tuiscint a fháil ar na sonraí iarrtha a thabhairt do thaighdeoirí grinnfhiosraithe chomh maith, amhail códleabhair, logaí athruithe agus doiciméadacht ailtireachta.
Ní thagraíonn an GSD ná an Gníomh Tarmligthe go sainráite do thacair sonraí chaighdeánaithe.

## Cén chaoi a bhfaighidh taighdeoirí rochtain ar na sonraí nuair a cheadófar a n-iarratas? Cén chuma a bheidh ar an rochtain – an seoltar comhaid chuig na taighdeoirí? Cén chaoi a gcinntear an rochtain? An bhfuil bealaí sonracha ann chun rochtain a fháil ar shonraí (m.sh. trí API)?

Sonróidh an CSD bunaíochta na 'modúlachtaí rochtana', mar a thugtar orthu, san iarratas réasúnaithe a sheolfar chuig an VLOP/VLOSE, ar coinníollacha ar leith iad ar gá don VLOP/VLOSE úsáid a bhaint astu nuair atá rochtain ar na sonraí iarrtha á cur ar fáil do na taighdeoirí grinnfhiosraithe. Seans go bhfaighfear rochtain ar shonraí, mar shampla: Trí tharchur sonraí chuig na taighdeoirí grinnfhiosraithe trí chomhéadan nó Prótacal Slán-aistrithe Comhad (SFTP); nó trí thimpeallacht shlán phróiseála arna hoibriú ag an VLOP/VLOSE nó ag soláthraí tríú páirtí.

## An féidir leis an taighdeoir moladh a dhéanamh maidir leis an gcaoi ar mian leis na sonraí a fháil? An féidir leis an taighdeoir sonraí a iarraidh i bhformáid ar leith (CSV, JSON, srl.)?

In iarratas ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe, ní mór do thaighdeoir cur síos a chur san áireamh ar na bearta dlí, teicniúla agus eagraíochta a cuireadh agus a chuirfear i bhfeidhm chun na riachtanais slándála agus rúndachta sonraí ar leith agus, más infheidhme, na riachtanais cosanta sonraí pearsanta a thagann leis na sonraí iarrtha a chomhlíonadh. Ba cheart go n-áireofaí orthu sin

cur síos ar na ‘módúlachtaí rochtana’ a mholtar maidir leis an gcaoi a dtabharfaidh an VLOP/VLOSE ábhartha rochtain don taighdeoir ar na sonraí.
Is féidir le taighdeoir iarraidh a chur san áireamh lena iarratas go gcuirfear na sonraí ar fáil dó i bhformáid ar leith. Ba cheart go smaoineodh taighdeoir ar na sonraí a chuireann an VLOP/VLOSE ar fáil ina gcatalóg sonraí GSD nuair atá sé ag déanamh amhlaidh. Is faoin CSD bunaíochta atá sé a chinneadh cé na sonraí, más ann dóibh, is ceart a shonrú in iarratas réasúnaithe maidir leis an bhformáid ina gcuirfear na sonraí ar fáil.

## Cá háit a stórálfar na sonraí?
## Cá háit a stórálfar na sonraí ar an Tairseach Rochtana Sonraí?
## An gcoinneoidh Coimisiún na Meán nó an Coimisiún Eorpach na sonraí?

Beidh na socruithe stórála d’aon sonraí a dtugtar rochtain do thaighdeoir grinnfhiosraithe orthu faoi iarratas réasúnaithe ag brath go páirteach ar na módúlachtaí rochtana a shonraítear san iarratas réasúnaithe:

1. Má shonraíonn an t-iarratas réasúnaithe módúlachtaí rochtana a éilíonn go gcuirfidh an VLOP/VLOSE na sonraí ar fáil don taighdeoir grinnfhiosraithe ar bhealach nach gcumasaíonn an taighdeoir grinnfhiosraithe chun na sonraí a asbhaint (m.sh. i dtimpeallacht shlán phróiseála atá á hóstáil ag an VLOP/VLOSE nó ag tríú páirtí), ní bheidh an taighdeoir grinnfhiosraithe in ann na sonraí a stóráil ansin.

2. Má chumasaíonn na módúlachtaí rochtana an taighdeoir grinnfhiosraithe chun na sonraí a stóráil, is ar an taighdeoir grinnfhiosraithe a bheidh an fhreagracht chun socruithe stórais a dhéanamh a chomhlíonfaidh oibleagáidí an taighdeora chun na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 40(8) GSD, riachtanais an Ghnímh Tharmligthe agus aon riachtanas eile atá san áireamh leis na módúlachtaí rochtana a chomhlíonadh.

Ní choinneofar na sonraí. Ní féidir sonraí a chuireann VLOP/VLOSE ar fáil do thaighdeoir grinnfhiosraithe i gcomhréir le hiarratas réasúnaithe a stóráil ar Thairseach Rochtana Sonraí GSD.
Ní choinneofar na sonraí. Ní choinneoidh Coimisiún na Meán ná an Coimisiún Eorpach na sonraí a chuireann VLOP/VLOSE ar fáil do thaighdeoir grinnfhiosraithe i gcomhréir le hiarratas réasúnaithe thar ceann an taighdeora ghrinnfhiosraithe.

## An féidir le taighdeoir grinnfhiosraithe na sonraí a chomhroinnt le:
## a. taighdeoirí eile?
## b. hathbhreithneoirí?

Ní féidir le taighdeoirí grinnfhiosraithe na sonraí a dtugtar rochtain dóibh orthu faoi iarratas réasúnaithe a chomhroinnt le haon taighdeoir eile nach bhfuil laistigh de scóip an iarratais chéanna ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe agus iarratas réasúnaithe.
Ní féidir le taighdeoirí grinnfhiosraithe na sonraí a dtugtar rochtain dóibh orthu faoi iarratas réasúnaithe a chomhroinnt le hathbhreithneoirí.

## An féidir le taighdeoir an tacar sonraí céanna a úsáid do dhá thionscadal taighde ar leith?
## An mbeidh ar an taighdeoir dhá iarratas éagsúla a chur isteach?

Ní féidir. Ní féidir le taighdeoir grinnfhiosraithe úsáid a bhaint as na sonraí a dtugtar rochtain dó orthu faoi iarratas réasúnaithe ach amháin chun críoch an taighde atá laistigh de scóip an iarratais réasúnaithe sin.
Más mian le taighdeoir grinnfhiosraithe úsáid a bhaint as na sonraí a dtugtar rochtain dó orthu faoi iarratas réasúnaithe chun críche tionscadail taighde eile, ní mór dó iarratas nua a chur isteach ar

stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe.

## Cad a tharlóidh mura mian le VLOP nó VLOSE na sonraí a chur ar fáil de réir mar a shonraítear in iarratas rochtana sonraí réasúnaithe ó CSD?
## An féidir le hardán iarratas rathúil ar shonraí a achomharc?
## An féidir le hardán diúltú do rochtain ar shonraí?

Is féidir le VLOP nó VLOSE iarratas leasaithe a chur faoi bhráid an CSD a d'eisigh an t-iarratas réasúnaithe ar na forais agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 40(5) GSD. Ní mór tacú le hiarratais leasaithe le cúiseanna sonraithe. Leagann an GSD agus an Gníomh Tarmligthe amach na nósanna imeachta atá le leanúint chun smaoineamh ar iarratas leasaithe, an cinneadh atá le déanamh ag an CSD i ndáil le hiarratas dá leithéid agus aghaidh a thabhairt ar aon easaontú a eascraíonn as cinneadh dá leithéid.
Ní fhorálann an GSD ná an Gníomh Tarmligthe go sainráite do cheart chun go ndéanfaidh VLOP/VLOSE achomharc in aghaidh iarratas réasúnaithe a eisíonn CSD chucu, ná chun diúltú do rochtain a thabhairt ar shonraí laistigh de scóip iarratais réasúnaithe.

## Cad a tharlóidh má dhiúltaítear don iarratas?
## An dtabharfar míniúchán diúltaithe?

Má dhiúltaíonn Coimisiún na Meán d'iarratas ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe ina cháil mar CSD bunaíochta, cuirfear an taighdeoir/na taighdeoirí ábhartha ar an eolas agus tabharfar na cúiseanna atá leis sin dó/dóibh, agus ní bhfaighidh na taighdeoirí ábhartha rochtain ar na sonraí atá laistigh de scóip an iarratais sin. Is féidir le taighdeoir iarratas nua a chur isteach ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe má diúltaíodh d'iarratas roimhe seo lena raibh baint acu.

## An bhféadfar torthaí iarratais rochtana sonraí de chuid taighdeoirí eile a fheiceáil?

Féadfar. Gach iarratas réasúnaithe a cuireadh faoi bhráid VLOP/VLOSE, lena n-áirítear aon leasú agus nuashonrú ar an achoimre, cuirfear achoimre ar fáil go poiblí orthu ar Thairseach Rochtana Sonraí GSD, agus is é an CSD a chuir an t-iarratas réasúnaithe isteach a dhéanfaidh amhlaidh.
Ní fhoilseofar sonraí na n-iarratas ar stádas taighdeora ghrinnfhiosraithe ar diúltaíodh dóibh ar Thairseach Rochtana Sonraí GSD.